Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa do Vóta 28 a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch ag 31 Nollaig 2018 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais agus ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a íoc.

Déantar toradh an chaiteachais a chur i gcomparáid leis an tsuim atá tugtha ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear suim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair den chaiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €30.517 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo é an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas sna cásanna seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i sócmhainní caipitil bunaithe ar luacháil a cuireadh i gcrích i 2005 arna gcoigeartú ag:

- feabhas ar thalamh agus ar fhoirgnimh ó 2005 a léirítear ag costas
- talamh agus foirgnimh a fuarthas ón mbliain 2005 a léirítear ag costas
- trí áitreabh a bhaineann le misin thaidhleoireachta atá san áireamh ar bhonn luachála gairmiúla a cuireadh i gcrích i 2011.

***Dímheas***

Déantar feithiclí a dhímheas ar bhonn na líne dírí ag ráta 20% in aghaidh na bliana.

***Idirbhearta in airgeadra eachtrach***

Déantar idirbhearta a thagann chun cinn in airgeadra eachtrach a aistriú go Euro ag ráta margaidh an mhalartaithe a bhíonn ann ag tús gach mí. Déantar idirbhearta airgeadra eachtraigh arna gcur i gcrích ag an gCeanncheathrú a thaifeadadh ag an ráta a bhí ann ar an dáta a socraíodh an t-idirbheart.

***Fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic ag misin thaidhleoireachta***

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí agus ceangaltais aon suimeanna maidir le misin thaidhleoireachta na Roinne seachas iad sin a bhaineann le maoin ar cíos. Ní áirítear luach stoc arna shealbhú ag misin ag deireadh na bliana ach oiread.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéantar iad a aimsiú gan mhoill. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánachairgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim iomchuí ar an dea-chleachtas maidir le cúrsaí soláthair agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Cuireadh fiche is a ceathair conradh, arbh ionann a luach agus €5,294,483 san áireamh i dtuairisceán chiorclán 40/2002 ós rud é go sáraíonn siad an tairseach tuairiscithe €25,000, agus gur bronnadh iad inter alia gan phróiseas iomaíoch, mar seo a leanas:

- Meastar go bhfuil deich gcinn de chonarthaí, a bhfuil luach €2,343,299 leo, neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach. Cuireadh síneadh níos faide leo seo seachas an dáta a bhí ar an gconradh ar dtús gan dul i mbun aon phróiseas iomaíoch nua.
- Meastar go bhfuil ceithre chonradh déag a bhfuil luach €2,951,184 leo neamhiomaíoch ach comhlíontach. Ní dhearnadh na conarthaí sin a chur ar tairiscint mar gheall gur bhain naoi gcinn díobh le seirbhísí dílsithe ICT a chur ar fáil (€2,549,459) agus gur bhain cúig cinn le cásanna nach raibh ach soláthróir cuí amháin ar fáil (€401,725). Déanfaidh foireann soláthair na Roinne na conarthaí sin a athbhreithniú le linn na bliana 2019.

***Sócmhainní caipitil***

Sna hiniúchtaí is déanaí a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thagraíomar do na laigí atá i gclár sócmhainní seasta na Roinne. Thug an Roinn faoi athbhreithniú ar na cláir sócmhainní seasta agus tugadh an t-athbhreithniú sin chun críche le linn na bliana 2018. Rinneadh ceithre cinn de chláir sócmhainní seasta na misean a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chomh maith. Dhírigh an t-athbhreithniú seo ar chaighdeán an eolais a bhí coinnithe sa gclár sócmhainní seasta, na sócmhainní a raibh dímheas iomlán déanta orthu agus nach raibh in úsáid níos mó a bhaint as, míreanna a bhí rangaithe go mícheart ina sócmhainní seasta a bhaint as agus na cláir a réiteach chuig comhardú trialach na Roinne. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, rinneadh sócmhainní i ndáil le trealamh, troscán agus feistis, a raibh bunchostas €2.4 milliún ag dul leo, a dhímheas go hiomlán le linn 2018. Déantar sin a léiriú sna diúscairtí i Nóta 2.2.

Le linn 2019, cuireadh tús le hathbhreithniú iomlán ar na cláir sócmhainní seasta eile a bhí ag an Roinn. Táthar ag dul i mbun an athbhreithnithe sin ag baint leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó athbhreithniú 2018 d'fhonn an t-eolas atá taifeadta sna cláir sócmhainní seasta a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú. Tá sé i gceist an t-athbhreithniú iomlán seo a thabhairt chun críche le linn 2019 agus aon choigeartuithe a léiriú i gcuntas leithreasa 2019.

Déantar sócmhainní atá dímheasta go hiomlán, a raibh bunchostas €61.5 milliún leo, a aithint sa ráiteas ar an staid airgeadais nach bhfuil taifeadta sa gclár sócmhainní mar go raibh glanluach leabhair nialas leo nuair a bunaíodh an clár sócmhainní reatha ar dtús (féach Nóta 2.2). Déantar na sócmhainní sin atá dímheasta go hiomlán a áireamh san athbhreithniú 2019 seo ar an gclár sócmhainní reatha agus d'fhéadfaí iad a bhaint as an ráiteas ar an staid airgeadais nó iad a chur le clár sócmhainní seasta d'fhonn iad a aimsiú amach anseo.

***Iniúchadh inmheánach agus an coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá ceadaithe agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta sheirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí á gcleachtadh i ndáil le soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na rioscaíseo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus déantar iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár ceithre uair sa bhliain ar a laghad. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár riosca ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú ar rialaithe inmheánacha***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh chomh maith leis an mbainistíocht agus an Bord Bainistíochta go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na príomhríoscaí agus na rialaithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialaithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta i ndáil le bainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí maidir leis an rialú inmheánach airgeadais a bhain leis an mbliain 2018, a raibh caillteanas ábhartha mar chúis leo, nó a bhféadfadh sé go mbeadh caillteanas ábhartha mar chúis leo.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

20 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2019

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Chláir** | | | | |
| A | Freastal ár ndaoine sa bhaile agus thar lear agus chun athmhuintearas agus comhoibriú a chur chun cinn ("Ár nDaoine") | 78,883 | 77,998 | 70,568 |
| B | Luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn ("Ár nÁit san Eoraip") | 27,346 | 26,556 | 22,657 |
| C | Oibriú i dtreo domhan atá níos cothroime agus níos inmharthana ("Ár Luachanna") | 51,598 | 42,515 | 48,862 |
| D | Cur leis an rathúnas trínár leasanna eacnamaíochta a chur chun cinn go hIdirnáisiúnta ("Ár Rathúnas") | 34,139 | 32,657 | 30,934 |
| E | An tionchar agus an cumas atá ag an tír a cuid spriocanna a sheachadadh ("An tionchar atá againn") | 46,175 | 48,340 | 49,237 |
| | **Ollchaiteachas** | **238,141** | **228,066** | **222,258** |
| | *Lúide de* | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **45,243** | **65,685** | **63,222** |
| | **Glanchaiteachas** | **192,898** | **162,381** | **159,036** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid fheidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le géilleadh | 30,517,006 | 24,490,495 |

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

20 Meán Fómhair 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 51,956 | 55,513 |
| Pá | | 91,420 | 85,834 |
| Neamhphá | | 84,690 | 80,911 |
| **Ollchaiteachas** | | **228,066** | **222,258** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | |
| **Glanchaiteachas** | | **65,685** | **63,222** |
| Caiteachas chláir | | **162,381** | **159,036** |
| | | | |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (9,493) | | |
| Airgead tirim ar dhiúscairt | 57 | | |
| Brabús ar dhiúscairt | (47) | | |
| Dímheas | 4,469 | | |
| | | (5,014) | (5,358) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 984 | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí deiridh | 5,635 | | |
| Méadú ar stoc | (544) | | |
| | | 6,075 | (442) |
| **Caiteachas díreach** | | **163,442** | **153,236** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte (nóta 1.1) | | 21,105 | 20,671 |
| Measchíosanna | | 2,851 | 2,422 |
| **Costas glan clár** | | **187,398** | **176,329** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte

I ndáil le Vóta 28 a iompraíodh in áit eile, tá méid an glanchaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 60 | 60 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 15,366 | 15,400 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,227 | 5,299 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 121 | 179 |
| Vóta 20 Garda Síochána | 213 | 15 |
| Príomh-Chiste – Pinsin Airí | 371 | 385 |
| | 21,358 | 21,338 |
| Costas na seirbhísí a chuirtear ar fáil do Vótaí eile | (253) | (667) |
| | **21,105** | **20,671** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 168,505 | 163,491 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 8,438 | 7,894 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 5,909 | 11,544 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 5,387 | 5,303 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 2,571 | (4,801) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 22,305 | 19,940 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 4,649 | (3,486) |
| Speanais fhabhraithe | | 2,254 | 1,270 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 3,309 | 3,988 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 10,212 | 1,772 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 12,093 | 18,168 |
| **Glansócmhainní** | | **180,598** | **181,659** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **180,598** | **181,659** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir** | | | **181,659** | **184,587** |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 192,898 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (30,517) | | |
| Vóta glan | | | 162,381 | 159,037 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 21,105 | 20,671 |
| Caiteachas nach airgead tirim – measchíosanna | 1 | | 2,851 | 2,422 |
| Glansócmhainní a aistríodh chuig Vóta 27 | | | — | (2,982) |
| Glansócmhainní coigeartaithe | | | — | (5,747) |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (187,398) | (176,329) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **180,598** | **181,659** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí mótair | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán | Talamh agus foirgnimh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní [a]** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 155,610 | 2,694 | 47,645 | 73,240 | — | 279,189 |
| Breiseanna | 3,683 | 497 | 80 | 3,741 | 1,492[b] | 9,493 |
| Diúscairtí | — | (269) | (2,291)[c] | (91)[c] | — | (2,651) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 159,293 | 2,922 | 45,434 | 76,890 | 1,492 | 286,031 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018[a] | — | 2,011 | 46,653 | 67,033 | — | 115,697 |
| Dímheas don bhliain | — | 397 | 420 | 3,652 | — | 4,469 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (258) | (2,291)[c] | (91)[c] | — | (2,640) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | — | 2,150 | 44,782 | 70,594 | — | 117,526 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **159,293** | **772** | **652** | **6,296** | **1,492** | **168,505** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 155,610 | 683 | 991 | 6,207 | — | 163,491 |

Nótaí

[a] Áirítear sna sócmhainní caipitil sócmhainní a bhfuil dímheas iomlán déanta orthu a bhfuil costas stairiúil €61.476 milliún leo nach bhfuil san áireamh ar an gclár sócmhainní seasta mar gheall nach raibh aon luach leabhair acu nuair a bunaíodh an clár sócmhainní seasta. Tá dímheas iomlán déanta ar na sócmhainní sin agus tá siad san áireamh sa bhfigiúr dímheas carntha. Táthar le dul i mbun tionscadail i 2019 d’fhonn liosta na sócmhainní stairiúla a mheas agus tá sócmhainní atá fós in úsáid sa gclár sócmhainní seasta mar chuid de sin.

[b] Áirítear sna sócmhainní atá á bhforbairt sócmhainní a bhaineann le Clár Leasaithe na Seirbhíse Pasanna atá ar siúl faoi láthair. Léirítear leis na sócmhainní sin tionscadail nach raibh tugtha chun críche amhail an 31 Nollaig 2018.

[c] I 2018, rinneadh na cláir sócmhainní seasta i ndáil le ceithre mhisean a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. Rinneadh sócmhainní i ndáil le trealamh, troscán agus feistis a dhímheas go hiomlán, a raibh bunchostas €2.382 milliún ag dul leo, a áireamh i ndiúscairtí 2018.

## 2.3 Bainc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | (13,153) | (4,099) |
| Cuntais bainc tráchtála | 1,205 | 946 |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid tirim Misean | 7,299 | 6,639 |
| | **(4,649)** | **3,486** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Leabhair agus cártaí pas | 8,250 | 7,709 |
| Stoic phrótacail | 55 | 67 |
| Stáiseanóireacht | 73 | 52 |
| Postas réamhíoctha | 5 | 3 |
| Earraí inchaite TF | 55 | 63 |
| | **8,438** | **7,894** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cíosanna misean | 1,309 | 1,798 |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 2,946 | 7,992 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 1,654 | 1,754 |
| | **5,909** | **11,544** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuntais roinne agus gníomhaireachta | 3,674 | 3,414 |
| Cuntais óinchiste agus fionraí pearsanta | 1,023 | 1,060 |
| Cuntais airleacan tuarastail iasachta | 11 | 77 |
| Ilghnéitheach[a] | 679 | 752 |
| | **5,387** | **5,303** |

Nóta [a] Áirítear ar na ilfhéichiúnaithe cuntais rialaithe pá rolla €526,000; féichiúnaithe consail oinigh €143,000; agus iarmhéideanna eile €10,000.

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 905 | 1,187 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 596 | 713 |
| An Muirear Sóisialach Uilíoch Asbhainte | 199 | 276 |
| Cáinmhaoine Áitiúil | 7 | 11 |
| Cáin Bhreisluacha | 84 | 55 |
| Cáin Iarchoiméadta ar Sheirbhísí | 70 | 59 |
| | 1,861 | 2,301 |
| **Creidiúnaithe** Ilghnéitheach[a] | 1,448 | 1,687 |
| | **3,309** | **3,988** |

Nóta [a] Áirítear sna creidiúnaithe ilghnéitheacha suimeanna atá dlite do ranna Rialtais eile ar fiú €1.212 milliún iad agus cuntais ar fionraí €236,000.

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 30,517 | 24,490 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (33,088) | (19,689) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **(2,571)** | **4,801** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 5,387 | 5,303 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (4,649) | 3,486 |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,861) | (2,301) |
| Iarmhéideanna sochair: cuntais deontais | (1,448) | (1,687) |
| | (7,958) | (502) |
| | **(2,571)** | **4,801** |

## 2.9 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Déantar anailís ar an tsuim mar seo a leanas | | |
| Trealamh agus costais riaracháin eile | 683 | 1,590 |
| Ceangaltais léasa [a] | 55,710 | 13,554 |
| **Ceangaltais iomlána** | **56,393** | **15,144** |

Áirítear sna ceangaltais suimeanna a bhféadfadh an Roinn a bheith freagrach astu de réir dlí i 2019 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí forfheidhmiúcháin ceangailteacha agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa ar mhaoin thar lear agus ar cheangaltais trealamh a cheannach.

Nóta [a] Déantar ceangaltais léasa i ndáil le maoin a fhritháireamh i leith réamhíocaíochtaí. B'ionann na cíosanna réamhíoctha agus €1.309 milliún (2017: €1.795 milliún) agus déantar sin a áireamh i bhfigiúr réamhíocaíochtaí €5.909 milliún (Nóta 2.5).

Léirítear sna ceangaltais chíosa amhail an 31 Nollaig 2018 iomlán na gceangaltas amach seo faoi chomhaontuithe léasa atá ceangailteach de réir dlí. Sna blianta roimhe seo, ní dhearnadh ach an chéad bhliain de na ceangaltais léasa a thabhairt le fios.

# Note 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | 92,563 | 91,420 | 85,834 |
| Ii | Taisteal agus cothú | 6,594 | 7,123 | 5,988 |
| Iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 4,148 | 5,222 | 5,792 |
| Iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 5,786 | 5,938 | 5,796 |
| V | Fearais oifige agus seirbhísí TF seachtaracha | 29,528 | 25,995 | 20,833 |
| Vi | Costais áitreabh oifige | 26,819 | 30,051 | 32,514 |
| Vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | 53 | 3 |
| Viii | Costais ionadaíochta agus lóistín | 10,297 | 10,309 | 9,985 |
| | | **175,835** | **176,111** | **166,745** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá caiteachas riaracháin roinnte tríd na chláir, le costais chláir iomlán a chur I láthair.Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000).

*I* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €92.563 milliún, toradh: €91.42 milliún

Ba mar thoradh ar bhille pá níos ísle ná mar a measadh de bharr nár leanadh le foireann bhreise agus foireann athsholáthair a earcú mar a bhí beartaithe a raibh an gannchaitheamh €1.143 milliún ar thuarastail, pá agus liúntais.

*ii* *Taisteal agus cothú*

Soláthar mheastacháin: €6.594 milliún, toradh: €7.123 milliún

Ba mar thoradh ar mhéadú ollmhór a bheith ar an méid taistil a bhí le déanamh ag foireann agus ag Airí na Roinne mar gheall ar an mBreatimeacht, níos mó cruinnithe ar fud an domhain agus rannpháirtíocht ghníomhach lenár gcomhpháirtithe AE i ndáil leis an mBreatimeacht agus todhchaí na hEorpa a raibh caiteachas breise €529,000 ar chaiteachas.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €4.148 milliún, toradh: €5.222 milliún

Ba mar thoradh ar leibhéal níos airde go ginearálta a bheith ar chaiteachas i roinnt réimsí lena n-áirítear oiliúint, muirir bhainc, caillteanais i ndáil le hairgeadra eachtrach agus siamsaíocht stáit/oifigiúil de bharr níos mó cuairteanna oifigiúla a bheith i gceist a raibh an €1.074 milliún i gceist.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €5.786 milliún, toradh: €5.938 milliún

Ba mar thoradh ar an méadú a bhí ar líon na n-iarratas a rinneadh ar phasanna a raibh costais i ndáil le postas níos airde i gceist leis a raibh €152,000 breise sa chaiteachas.

*v* *Fearais oifige agus seirbhísí TF seachtaracha*

Soláthar mheastacháin: €29.528 milliún, toradh: €25.995 milliún

Ba mar thoradh ar choigilteas a bheith ar stáiseanóireacht a bhain le foirmeacha iarratais pasanna (€1.3 milliún) agus coigilteas ar chur i bhfeidhm na dtionscadal ICT (€1.5 milliún) agus (€700,000) mar gheall ar mhoill a bheith ar an bpróiseas soláthair i gclár leasaithe oifig na bpasanna a raibh gannchaitheamh €3.533 milliún ann.

*vi* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar mheastacháin: €26.819 milliún, toradh: €30.051 milliún

Bhain €2 milliún den chaiteachas breise seo le caiteachas breise caipitil ar an mbunleithroinnt nuair a cheannaigh an Roinn áitreabh i Washington DC d'fhonn leathnú na hambasáide seo a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis a éascú. Bhain iarmhéid an chostais bhreise €1.1 milliún le hardú ginearálta ar chostais oibríochta a bhain le tógáil agus costais chothabhála ar feadh phunann maoine dhomhanda na Roinne.

## Clár A Ár nDaoine

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 24,463 | 24,161 | 23,266 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 36,497 | 38,069 | 31,704 |
| A.3 | Coimisiún Fulbright | 254 | 434 | 254 |
| A.4 | Cúnamh éigeandála consalachta | 79 | 13 | 17 |
| A.5 | Tacaíocht do seirbhísí eisimirce Éireannach | 11,595 | 11,772 | 12,039 |
| A.6 | Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach | 2,745 | 3,097 | 2,719 |
| A.7 | An Ciste idirnáisiúnta d'Éirinn | 2,650 | 150 | 150 |
| A.8 | Gnóthaí diaspóra | 600 | 302 | 419 |
| | | **78,883** | **77,998** | **70,568** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €885,000 ná mar a soláthraíodh dó. Tá an t-athrúchán €1.27 milliún sa chaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Bhain an éagsúlacht ar an iarmhéid den chuid is mó leis na nithe seo a leanas:

*A.3 Coimisiún Fulbright*

Soláthair mheastacháin: €254,000, toradh: €434,000

Cinneadh an ranníocaíocht a dhéantar le Coimisiún Fulbright a ardú €180,000. Rinne deontóir eile an maoiniú sin a mheaitseáil.

*A.6 Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach*

Soláthair mheastacháin: €2.745 milliún toradh: €3.097 milliún

Cuireadh deontais bhreise €352,000 ar fáil faoin gCiste um Shíocháin agus Athmhuintearas d'fhonn éileamh níos mó ar mhaoiniú a shásamh faoin scéim.

*A.7 An Ciste idirnáisiúnta d'Éirinn*

Soláthair mheastacháin: €2.65 milliún toradh: €150,000

Ba mar gheall nár theastaigh deontas do chaiteachas 2018 an chláir a eisíoc maidir le timpeallacht oibríochta an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn a raibh gannchaitheamh €2.50 milliún ann.

*A.8 Gnóthaí diaspóra*

Soláthair mheastacháin: €600,000, toradh: €302,000

Tugadh cead coigiltis €298,000 a aistriú ón bhfo-mhírcheann seo chun an t-éileamh níos mó ar mhaoiniú faoin tacaíocht do sheirbhísí eisimirce Éireannach a chistiú (A.5).

## Clár B Ár nÁit san Eoraip

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | |
| B.1 | Riarachán – pá | 21,269 | 21,006 | 17,620 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 4,734 | 4,154 | 4,309 |
| B.3 | Gníomhaíochtaí mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 522 | 416 |
| B.4 | Rannpháirtíocht AE | 925 | 874 | 312 |
| | | **27,346** | **26,556** | **22,657** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €790,000 níos lú ná mar a soláthraíodh. Bhí caiteachas ar riarachán €843,000 níos lú ná mar a soláthraíodh agus tá míniú tugtha air sin cheana féin. Rinneadh sin a fhrithchaitheamh leis an méadú a bhí ar chaiteachas faoi fho-mhírcheann B3.

*B.3 Gníomhaíochtaí mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh*

Soláthair mheastacháin: €418,000, toradh: €522,000

Cuireadh deontais bhreise €104,000 ar fáil faoin scéim seo d'fhonn an t-éileamh níos mó ar mhaoiniú a shásamh.

## Clár C Ár Luachanna

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | 11,523 | 11,381 | 11,426 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 5,081 | 4,458 | 4,847 |
| C.3 | Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 34,994 | 26,676 | 32,589 |
| | | **51,598** | **42,515** | **48,862** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €9.083 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh dó ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €765,000 níos lú ná mar a soláthraíodh dó agus tá míniú tugtha air sin cheana. Bhain an t-iarmhéid leis na nithe seo a leanas:

*C.3 Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta*

Soláthair mheastacháin: €34.994 milliún, toradh: €26.676 milliún

Ba mar thoradh ar ranníocaíocht na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe a bheith níos lú ná mar a bhí measta a raibh easnamh €8.318 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Tá sé deacair ranníocaíochtaí NA na hÉireann a mheas go cruinn tráth a mbíonn an buiséad á shocrú.

## Clár D Ár Rathúnas

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | 18,786 | 18,554 | 17,140 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 7,809 | 6,852 | 7,557 |
| D.3 | Éire a chur chun cinn | 4,315 | 3,995 | 3,298 |
| D.4 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | 3,229 | 3,256 | 2,939 |
| | | **34,139** | **32,657** | **30,934** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €1.482 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá an t-athrúchán €1.189 milliún i ndáil le caiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Bhain an t-athrú i ndáil leis an iarmhéid leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

*D.3* *Éire a chur chun cinn*

Soláthair mheastacháin: €4.315 milliún, toradh: €3.995 milliún

Ba mar thoradh ar chaiteachas níos lú ná mar a bhí súil leis a bheith ar imeachtaí bolscaireachta ar fud líonra na misean a raibh gannchaitheamh €320,000 ann i gcomórtas leis an soláthar measta.

## Clár E An Tionchar atá againn

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | 16,522 | 16,318 | 16,382 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 29,151 | 31,158 | 32,494 |
| E.3 | Seirbhísí faisnéise | 502 | 864 | 361 |
| | | **46,175** | **48,340** | **49,237** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €2.165 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá an t-athrúchán €1.803 milliún i ndáil le caiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Bhain an t-athrú i ndáil leis an iarmhéid leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

*E.3* *Seirbhísí faisnéise*

Soláthar mheastacháin: €502,000, toradh: €864,000

Ba mar thoradh ar chaiteachas ar sheirbhísí faisnéise i ndáil leis an bhfeachtas ‘Ullmhacht don Bhreatimeacht’ sa ráithe deiridh de 2018 a bheith níos mó ná mar a raibh súil leis a raibh róchaiteachas €362,000 ann i gcomórtas leis an soláthar measta.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | 41,020 | 61,699 | 59,858 |
| 2 | Aisíocaíocht ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála | 30 | — | 14 |
| 3 | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | 750 | 834 | 842 |
| 4 | Ilghnéitheach | 500 | 619 | 214 |
| 5 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 2,943 | 2,533 | 2,294 |
| | **Total** | **45,243** | **65,685** | **63,222** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €20.442 milliún níos mó ná an meastachán

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

1 *Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile*

Soláthar mheastacháin: €41.02 milliún, réadaithe: €61.699 milliún

Bhí cúrsaí ioncaim €20.679 milliún chun cinn de bharr go raibh méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar phasanna. De bharr gur seirbhís bunaithe ar éileamh í an tseirbhís pasanna, tá sé deacair leibhéal na n-iarratas a gheofar i mbliain ar bith a thuar go cinnte.

4 *Ilghnéitheach*

Soláthar mheastacháin: €500,000, réadaithe: €619,000

Baineann seo le réimse fáltas a fuair an Roinn lena n-áirítear aisíocaíocht ar éarlais slándála ar mhaoine ar cíos, aisíocaíochtaí i ndáil le ró-íocaíochtaí párolla, aisíocaíochtaí ó ranna/oifigí Rialtais agus míreanna ilghnéitheacha eile. Tá sé deacair leibhéal na bhfáltas sin i mbliain ar bith a thuar go cinnte.

5 *Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €2.943 milliún, réadaithe: €2.533 milliún

Bhí easnamh €410,000 ann de bharr nach raibh an oiread fáltas ann agus a raibh súil leis de bharr go raibh gannchaitheamh sa chaiteachas párolla – mar thoradh air sin, bhí níos lú fáltas ann maidir le hasbhaintí a bhain le pinsin.

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 1,546 | 1,403 |

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 82,434 | 77,708 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí | 52 | 96 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 149 | 154 |
| Liúntais eile | 182 | 172 |
| Ragobair | 1,003 | 881 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,510 | 3,936 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 3,090 | 2,887 |
| **Pá Iomlán** | **91,420** | **85,834** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochta ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 37 | 4 | 23,318 | 31,642 |
| Liúntais eile | 109 | 1 | 10,181 | 15,195 |
| Ragobair | 393 | 19 | 31,870 | 26,492 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 65 | 19 | 34,236 | 31,917 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh íocaíochtaí arbh ionann iad agus €7,421 (2017: €26,292) le beirt (2017:11) státseirbhíseach ar scor a bhfuarthas a gcuid seirbhísí ar áirithíocht i ndáil le tascanna speisialaithe.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí a thaifead an ONSC ag deireadh na bliana agus €255,567 i ndáil le 215 duine aonair (2017: €168,077; 127 duine aonair).

**Ró-íocaíochtaí a bhailiú**

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana comhdhéanta de na nithe seo a leanas

- Bhí ró-íocaíochtaí gan íoc agus a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm ina leith ag123 duine aonair ag deireadh na bliana.
- 92 duine aonair a raibh ró-íocaíochtaí déanta leo ach nach raibh aon phlean aisghabhála i bhfeidhm ina leith ag deireadh na bliana.

## 5.6 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh ionann iad agus €Nil (2017: €50,668) le Nil (2017: beirt) le baill den fhoireann atá fostaithe go háitiúil sna hambasáidí thar lear.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh ionann iad agus €51,890 (2017: €45,436) le beirt (2017: ceathrar) d'iarbhaill foirne an Aire. Níl aon íocaíocht pinsin, blianta breise de sheirbhís mheasa, ná aon fheabhsúchán eile ar na téarmaí pinsin fabhraithe ceadaithe.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Tá costais dlí a íocadh i rith na bliana catagóirithe mar a leanas:

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a íoc an Roinn** | **Costais dlí bronnta** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh de chuid fostaithe na Roinne | 2 | 38 | — | 31 | 69 | 89 |
| Éilimh de chuid bhall den phobal | 5 | 2 | 28 | 2 | 32 | 12 |
| | | **40** | **28** | **33** | **101** | **101** |

## 6.2 Coigeartú stairiúil agus díscríobh

Rinneadh na hiarmhéideanna cuntais bainc oidhreachta ar fionraí a dhíscríobh sa bhliain, i ndiaidh cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéideanna na gcuntas ar fionraí | 8,912 | — |
| Suimeanna dlite ó chonsail oinigh | 36,959 | — |
| | **45,871** | — |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Tá comhlacht amháin ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne a bhfuil oibleagáid air a chuid cuntas a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtas. Is é an comhlacht atá i gceist ná Coimisiún na hÉireann-Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil (Coimisiún Fulbright)

Baineann cuntais is deireanaí an Choimisiún leis an mbliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2018. Tugadh an t-iniúchadh ar na cuntais sin chun críche an 22 Feabhra 2019. Fuair an Roinn na cuntais iniúchta agus an tuairisc iniúchta an 26 Feabhra 2019 agus cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad an 13 Márta 2019.

Cuireann an Roinn deontas bliantúil ar fáil do Choimisiún Fulbright, a ndéanann Rialtas na hÉireann agus Rialtas Mheiriceá cómhaoiniú air, agus tacaíonn sé le staidéar, taighde, teagasc agus gníomhaíochtaí oideachais eile idir Éire agus na Stáit Aontaithe.